Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3544

10.6.2024

# Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus Airteagal (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018

(C/2024/3544)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

**'Falerio'**

**PDO-IT-A0433-AM03**

**Dáta na teachtaireachta: 12 Márta 2024**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

1. **Tagairt do reachtaíocht a chur isteach**

Tuairisc:

Sonraíodh, maidir leis an gcineál Falerio 'Pecorino', go bhfuil feidhm ag an dlús íosta plandaithe 3 000 fíniúin is gá in aghaidh an heicteáir maidir le fíonghoirt a plandaíodh tar éis theacht i bhfeidhm na sonraíochta atá i gceangal le Foraithne Aireachta an 17 Bealtaine 2011.

Cúiseanna:

Is gá a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag an gceanglas maidir le fíonghoirt a plandaíodh amhail ó bhliain shonrach.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

2. **Ceartúchán foirmiúil**

Tuairisc:

Cuireadh an focal 'Aontas' in ionad an fhocail 'Comhphobal'.

Cúiseanna:

Is é cuspóir an cheartúcháin an téarma ceart a úsáid.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

3. **Mír a scriosadh**

Tuairisc:

Scriosadh an mhír dheireanach d'Airteagal 6.

Cúiseanna:

Níl an mhír ábhartha a thuilleadh agus dá bhrí sin scriosadh í.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge.

4. **Mír a scriosadh**

Tuairisc:

Scriosadh an tríú mír d'Airteagal 7.

Cúiseanna:

Tá an mhír iomarcach agus dá bhrí sin scriosadh í.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 7 den tsonraíocht.

([1]) OB L 9, 11.1.2019, lch. 2.

5. **Féidearthacht a chur isteach maidir le coimeádáin seachas buidéil ghloine a úsáid**

Tuairisc:

Rinneadh foráil maidir le coimeádáin ina bhfuil ábhar biaghráid seachas gloine a úsáid le haghaidh gach cineáil fíona ATFC 'Falerio' cé is moite d'fhíonta a bhfuil an téarma 'Vigna' orthu. Dá réir sin, scriosadh an tagairt do chraicne fíona de phlaisteach ilsrathach poileitiléine nó poileistir atá iata i mbosca atá déanta as cairtchlár nó as aon ábhar docht eile le haghaidh toirteanna 2-5 lítear, a bhí ceadaithe roimhe seo go heisiach le haghaidh ATFC Falerio.

Cúiseanna:

Tá an cinneadh chun an fhéidearthacht a thabhairt isteach coimeádáin seachas buidéil ghloine a úsáid bunaithe ar an méadú atá ag teacht ar éileamh na gcustaiméirí, na n-allmhaireoirí agus na dtomhaltóirí le blianta beaga anuas. Dá bhrí sin, mheas an t-iarrthóir gur gá an leasú seo a thabhairt isteach chun go mbeifear in ann freastal ar riachtanais reatha an mhargaidh.

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht agus leis an roinn de chuid an doiciméid aonair dar teideal 'Coinníollacha breise'.

6. **Tagairt do reachtaíocht a chur isteach**

Tuairisc:

Cuireadh tagairt isteach don leasú ar an bhforaithne aireachta lena bhformheastar an teimpléad don phlean rialaithe.

Cúiseanna:

Ba ghá an tagairt don reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta.

Baineann an leasú le hAirteagal 10 [*sic*] den tsonraíocht táirge.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Falerio

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar na fíonta:**

1. Falerio

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn dath buí éadrom ar fhíonta ATFC Falerio. Maidir leis an mboladh, tagann mionbhlasanna bláthacha agus mionbhlasanna torthaí a bhfuil bia buí iontu chun cuimhne, agus bíonn an blas úr agus comhchuí ar blas é a maireann a iarbhlas tamall measartha fada.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, tá sé comhlíontach leis na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 4.50 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

2. Falerio Pecorino

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn dath buí éadrom ar fhíonta ATFC Falerio agus bíonn imireacha scothghlasa iontu. Maidir leis an mboladh, tagann imireacha de bhláthanna bána agus mionbhlasanna anann, ainíse agus sáiste chun cuimhne, agus bíonn an blas comhchuí agus úr, blasta agus mianrach a maireann a iarbhlas tamall an-fhada.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, tá sé comhlíontach leis na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 4.50 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

## 5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

—

5.2. *Uastáirgeacht:*

1. Falerio

13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Falerio Pecorino

11 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

## 6. **Limistéar geografach críochaithe**

Ní mór fíonchaora atá beartaithe le haghaidh táirgeadh fíonta ATFC Falerio a tháirgeadh laistigh de theorainneacha riaracháin chúigí Ascoli Piceno agus Fermo.

## 7. **Cineálacha fíniúna**

Albana B

Biancame B - Trebbiano Toscano B

Bombino Bianco B - Ottenese

Chardonnay B

Fiano B

Grechetto B

Incrocio Bruni 54 B

Maceratino B - Ribona

Malvasia Bianca Lunga B - Malvoisier

Malvasia Bianca di Candia B - Malvoisier

Manzoni Bianco B - Incrocio Manzoni 6.0.13 B

Montonico Bianco B - Montonico

Moscato Bianco B - Moscato Reale

Mostosa B

Passerina B

Pecorino B - Vissanello

Pinot Bianco B - Pinot

Riesling Italico B - Welschriesling

Riesling Renano B - Riesling

Sauvignon B - Sauvignon Blanc

Syrah N. - Shiraz

Tocai Friulano B - Tuchì

Trebbiano Toscano B - Procanico

Verdicchio Bianco B - Trebbiano di Soave B

Vermentino B - Pigato B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

*Falerio*

Tá stair lánmhíleach ag an ainm Falerio. Díorthaíonn sé ó Faleria, cathair ársa ar tugadh Falerio Picenus uirthi níos déanaí agus, ina dhiaidh sin arís, tugadh Falerone uirthi mar a thugtar uirthi sa lá atá inniu ann. Le himeacht aimsire, bhí ról bunúsach ag tosca daonna toisc gur saothróirí fíniúna a roghnaíonn na cineálacha fíniúna atá le fás agus go bhforbraíonn siad modhanna treoraithe, córais phrúnála agus cleachtais fhíoneolaíocha agus iad ag idirghníomhú leis na tosca nádúrtha is saintréithe de chuid an limistéir, rud a thugann saintréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha sainiúla d'fhíonta ATFC 'Falerio' a fhágann go bhfuil siad uathúil agus go bhfuil sé dodhéanta aithris a dhéanamh orthu.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

*Úsáid coimeádán ina bhfuil ábhar seachas gloine tugtha isteach mar rogha eile*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ceadaítear coimeádáin ina bhfuil ábhar biaghráid seachas gloine a úsáid le haghaidh gach cineáil fíona ATFC 'Falerio', cé is moite d'fhíonta a bhfuil an téarma 'Vigna' orthu.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

http://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/20966